Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9588/23**

**COPS 266**
**CIVCOM 140**
**POLMIL 122**
**CFSP/PESC 740**
**CSDP/PSDC 398**
**RELEX 630**
**JAI 652**
**COSI 102**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 9199/23 COPS 233 CIVCOM 117 POLMIL 106 CFSP/PESC 687 CSDP/PSDC 359 JAI 591 RELEX 574 COSI 92 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le comhshocrú CBSC shibhialtaigh a bhunú |

I gceangal leis seo gheobhaidh na toscaireachtaí na conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le comhshocrú CBSC shibhialtaigh a bhunú, mar a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 22 Bealtaine 2023 iad.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE AGUS Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, MAIDIR LE COMHSHOCRÚ CBSC SHIBHIALTAIGH A BHUNÚ**

Tá an Comhshocrú CBSC Shibhialtaigh seo á ghlacadh againn tráth ar cúis mhór imní dúinn na coinbhleachtaí atá ag teacht chun cinn nó ag géarú ar fud an Aontais Eorpaigh, an chogaíocht a bheith ar an tairseach againn arís san Eoraip de dheasca chogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine, agus mórathruithe geopholaitiúla. Tá an méadú atá tagtha ar ghníomhaíochtaí athbhreithnitheacha, ar sháruithe mínáireacha ar an dlí idirnáisiúnta agus ar chearta an duine, ar an gcúlú daonlathach, ar mharthanacht na héagobhsaíochta agus ar bhagairtí trasnáisiúnta dulta i bhfeidhm ar an gcomhthéacs reatha freisin, chomh maith leis an athrú aeráide agus na héifeachtaí atá aige ar choinbhleachtaí agus ar ghéarchéimeanna, rud a thugann dúshlán do chumas an Aontais a leasanna féin agus leasanna a chomhpháirtithe a chosaint. Meabhraítear dúinn go gcaithfidh an tAontas Eorpach cúram níos fearr a dhéanamh dá shlándáil féin trí ghníomhú ina chomharsanacht féin agus níos faide i gcéin.

Tarraingímid aird ar a mhéid a chuidíonn an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) sibhialtach leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht idirnáisiúnta. Tá sé cruthaithe go bhfuiltear in ann aghaidh a thabhairt go pras agus go héifeachtach, le CBSC sibhialtach, ar na dúshláin a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus go bhfuiltear in ann freastal do riachtanais na gcomhpháirtithe, mar a léiríodh *inter alia* le bunú gasta misin nua. Ag tógáil ar 20 bliain de thaithí agus, go háirithe, ar na dea-thorthaí a baineadh amach ó ghlac na Ballstáit agus SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin an comhshocrú CBSC shibhialtaigh i mí na Samhna 2018, agus ag tógáil freisin ar an obair mhór a rinne misin uile CBSC shibhialtaigh, iarraimid go gcuirfear dlús an athuair le CBSC sibhialtach.

Athdhearbhaímid go bhfuil rún daingean againn CBSC sibhialtach a neartú agus iarraimid go bhféachfaí le feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar thionchair mhisin CBSC shibhialtaigh agus ar sholúbthacht agus ar stóinseacht na misean sin, ionas go bhféadfaí dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtúla leis na dúshláin slándála atá ann faoi láthair, leo siúd atá ag teacht chun cinn agus leo siúd a bheidh ann amach anseo i gcás na nasc inmheánach/seachtrach, tríd an gcomhshocrú nua seo, an comhshocrú CBSC shibhialtaigh.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS,

MEABHRAÍONN SIAD DÓIBH tiomantas an Aontais agus a Bhallstáit seasamh leis an ord iltaobhach riailbhunaithe, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, agus i gcomhréir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe;

LEAGAN SIAD BÉIM ar an ngá atá ann i gcónaí ról agus cumas an Aontais a neartú chun go ngníomhóidh sé mar sholáthraí slándála trí CBSC agus MEABHRAÍONN SIAD DÓIBH an leibhéal ard uaillmhéine i réimse na slándála agus na cosanta, mar a leagadh síos sa Chompás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint (an Compás Straitéiseach) i mí an Mhárta 2022;

MEABHRAÍONN SIAD DÓIBH gurb é neart uathúil an Aontais ó thaobh géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú a ábalta atá sé sócmhainní agus acmhainní, idir shibhialta agus mhíleata, a imscaradh mar chuid de Chur Chuige Comhtháite níos leithne an Aontais maidir le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha;

AITHNÍONN SIAD an ábharthacht pholaitiúil agus an tábhacht mhéadaithe a bhaineann le CBSC sibhialtach mar uirlis bainistithe géarchéime agus aithníonn siad freisin a mhéid a chuidigh na 25 mhisean CBSC shibhialtaigh a imscaradh ó 2003 i leith leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, lena n-áirítear na 13 mhisean atá ar bun faoi láthair, agus chuir siad in iúl a mbuíochas do na mná agus na fir a bhíonn ag fónamh sna misin sin;

CHUIR SIAD I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór do na Ballstáit na cumais riachtanacha a fhorbairt má táthar le feabhas a chur ar éifeachtacht CBSC sibhialtach agus D’ATHDHEARBHAIGH SIAD gur faoi na Ballstáit atá sé cumais shibhialtacha a chur ar fáil don Aontas chun CBSC a chur chun feidhme mar a luaitear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);

COMHAONTAÍONN SIAD an Comhshocrú CBSC Shibhialtaigh seo, ina bhfuil treoirlínte straitéiseacha chun an comhbheartas slándála agus cosanta sibhialtach a neartú, chomh maith le gealltanais ón gComhairle agus ó na Ballstáit go ndéanfar gníomhaíochtaí nithiúla agus go leagfar síos amlínte leis na gníomhaíochtaí sin a bhaint amach.

## I. TREOIRLÍNTE STRAITÉISEACHA

CUIREANN SIAD CHUN SUNTAIS gur cheart don Chomhshocrú seo cur le héifeachtacht CBSC sibhialtach trí iarrachtaí chun cumas an Aontais a neartú maidir le GNÍOMHÚ go pras agus go tréan, chun tíortha óstacha agus misin CBSC shibhialtaigh A DHAINGNIÚ, chun INFHEISTIÚ i gcumais bhreise agus fheabhsaithe, agus chun dul I gCOMHPHÁIRTÍOCHT le tíortha óstacha agus le tríú stáit agus eagraíochtaí idirnáisiúnta;

COMHAONTAÍONN SIAD go mbainfear an méid seo a leanas amach le CBSC sibhialtach:

– Go gcuideoidh sé le leibhéal uaillmhéine an Aontais agus cuspóirí an Chompáis Straitéisigh a bhaint amach, lena gcuirtear CBSC sibhialtach níos stóinsithe, níos solúbtha agus níos modúlaí chun cinn;

– Go ndíreofar ar thosaíochtaí Feira agus an phóilíneacht, an smacht reachta agus an riarachán sibhialta a neartú i suímh leochaileacha agus i suímh coinbhleachta mar fheidhmeanna lárnacha, lena gcuirtear i dtreis freisin an tábhacht a bhaineann le hAthchóiriú na hEarnála Slándála (SSR) agus le cúraimí faireacháin;

– Go bhfreagróidh sé go héifeachtach, go solúbtha, go gasta agus go héifeachtúil ar choinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirithítear comhordú agus comhleanúnachas le seirbhísí an Choimisiúin agus le gníomhaithe eile de chuid an Aontais mar chuid de Chur Chuige Comhtháite an Aontais maidir le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha. Áiritheoidh sé, ag an am céanna, úinéireacht áitiúil agus tacaíocht áitiúil agus áiritheoidh sé go mbeifear ag oibriú i gcomhar leis na gníomhaithe ábhartha uile a bhfuil an dearcadh céanna acu;

– Go bhfreagróidh sé go tréan chun gníomhú go gasta ó thús deireadh na coinbhleachta, agus ar an gcaoi sin go laghdófar an bhearna idir luathrabhadh agus luathghníomhú. Ina theannta sin, tabharfaidh sé aitheantas do bhreisluach CBSC shibhialtaigh maidir le coinbhleachtaí a chosc, a réiteach agus a chobhsú, lena n-áirítear trí thacaíocht idirghabhála agus idirphlé, bunaithe ar thosaíochtaí an Aontais agus na mBallstát i réigiúin lena mbaineann leas straitéiseach i dtaobh gníomhaíocht sheachtrach agus bunaithe freisin ar riachtanais mheasúnaithe na tíre óstaí;

– Go leanfaidh sé de bheith in ann tabhairt faoi chineálacha éagsúla misean CBSC shibhialtaigh laistigh de réimse iomlán na gcúraimí bainistithe géarchéime mar a leagtar síos in Airteagail 42 agus 43 CAE, lena n-áirítear faireachán, fothú acmhainní agus comhairle a thabhairt mar aon le cineálacha feidhmiúcháin misean, ionas gur féidir leo freagairt go pras agus go héifeachtach ar bhagairtí agus ar dhúshláin atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh chriticiúla;

– Go leanfaidh sé cur chuige modúlach inscálaithe maidir le méid mhisin CBSC shibhialtaigh, agus é á aithint ag an am céanna go gcinnfear méid agus líon na misean ar bhonn na riachtanas atá ag teacht chun cinn ar an láthair agus ar na hacmhainní atá ar fáil agus ar thosaíochtaí an Aontais agus na mBallstát agus ar na cumais atá ar fáil. Mar phointe gaolmhar, gur ó phróiseas struchtúrtha agus rialta a tharraingeoidh sé na cumais shibhialta is gá. Go mbainfear sochar as cur chuige córasach maidir le bainistiú eolais. Go mbainfear tairbhe as bearta coigilte costais agus bearta cost-éifeachtúla a shainaithint agus a chur chun feidhme;

– Go rannchuideoidh sé le freagairt níos leithne ón Aontas chun dul i ngleic leis na dúshláin slándála atá ann faoi láthair, atá ag teacht chun cinn agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe, an sceimhlitheoireacht, an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach, an imirce neamhrialta, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, éilliú, bainistiú teorainneacha agus slándáil mhuirí. Ina theannta sin, go gcuirfidh sé san áireamh dúshláin slándála a bhaineann leis an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus a chosaint, lena n-áirítear gáinneáil uirthi a chomhrac, agus na dúshláin sin a bhaineann leis an athrú aeráide agus le díghrádú an chomhshaoil, lena n-áirítear coireacht chomhshaoil;

– Go gcomhoibreoidh sé le gníomhaithe Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) ar leibhéal na mBallstát agus an Aontais, i gcás inarb iomchuí agus laistigh dá sainorduithe faoi seach, d’fhonn dul i ngleic le bagairtí agus dúshláin i dtaobh an naisc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach, agus sineirgí agus comhleanúnachas idir gníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha a fheabhsú, agus maidir le cumais a fhorbairt freisin;

- Go mbeidh sí níos athléimní agus go rannchuideoidh sé le hathléimneacht agus freagairt na dtíortha óstacha i leith bagairtí hibrideacha agus cibearbhagairtí, mar aon le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI);

- Go ndéanfaidh sé cearta an duine a chur chun cinn agus a phríomhshruthú go córasach i ngach gníomhaíocht agus dícheall cuí maidir le cearta an duine, íogaireacht coinbhleachta agus an cur chuige neamhdhíobhála a fheidhmiú, chun comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

- Go gcuirfidh sé chun cinn cosaint na sibhialtach, Rún 2250 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil agus an Clár Oibre do Leanaí agus Coinbhleacht Armtha (leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu) , chomh maith le fócas ar chosaint leanaí;

- Go n-áiritheoidh sé rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban i ngach feidhm, lena n-áirítear i bpoist cheannaireachta, agus é mar sprioc acu paireacht inscne a bhaint amach, agus Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus rúin ina dhiaidh sin á gcur chun cinn ag an am céanna trí, *inter alia*, comhionannas inscne a chur chun cinn agus gné inscne a phríomhshruthú go córasach, bunaithe ar anailís inscne, i ngach pleanáil agus gníomhaíocht;

- Go ndéanfaidh sé iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an tslándáil, leis an athrú aeráide agus le díghrádú an chomhshaoil a phríomhshruthú le linn a chuid oibre seachtraí, chomh maith le gnéithe aeráide agus comhshaoil in obair inmheánach na misean, chun rannchuidiú le gealltanais láidre an Aontais maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, dá dtagraítear sa Chompás Straitéiseach;

- Go gcuirfidh sé feabhas ar infheictheacht CBSC sibhialtach agus ar an méid a chuireann sé le slándáil shaoránaigh na hEorpa, na bpobal áitiúil agus ár gcomhpháirtithe, agus a úinéireacht pholaitiúil a neartú, lena n-áirítear trí threoir arna tabhairt ar leibhéal na n-airí.

## II. GEALLTANAIS

Tugann an CHOMHAIRLE agus na BALLSTÁIT gealltanas CBSC sibhialtach a neartú. Chuige sin, geallann siad an méid seo a leanas a dhéanamh:

*Cur leis an gcumas chun GNÍOMHÚ go tapa agus go láidir chun tacú le comhghleacaithe sna háiteanna ina bhfuil na misin shibhialtacha, go háirithe chun:*

1. Éifeachtacht CBSC sibhialtach a fheabhsú, chun torthaí níos suntasaí agus níos inbhuanaithe a bhaint amach go héifeachtúil i dtíortha óstacha, lena n-áirítear i dtimpeallachtaí casta;

2. Sainorduithe saindírithe a chur ar fáil do mhisin, le hinoiriúnaitheacht de réir mar is iomchuí, dírithe ar riachtanais áitiúla, stáit deiridh bheachta agus is féidir a bhaint amach, chomh maith le straitéisí aistrithe agus fágála ina gcuirtear úinéireacht áitiúil san áireamh, agus lena n-áiritheofar cinnteoireacht mhear agus eolasach ón gComhairle, de réir nósanna imeachta comhaontaithe;

3. Cur chuige modúlach inscálaithe a chur i bhfeidhm a thuilleadh chun cumas na misean dul in oiriúint go tapa do dhúshláin atá ag teacht chun cinn a neartú fad a bheidh seachadadh éifeachtach sainorduithe á áirithiú, úsáid a bhaint as uirlisí de chuid an Aontais agus imscaradh seicheamhach saincheaptha nó imscaradh leabaithe, chomh maith le foirmíochtaí ilnáisiúnta, mar shampla, an Fórsa Gendarmerie Eorpach (EUROGENDFOR) nó grúpa Ballstát atá ag gníomhú faoi Airteagal 44 CAE, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le cinnteoireacht CBSC. Féachaint ar chineálacha níos spriocdhírithe de thacaíocht shibhialtach CBSC;

4. Sásraí mearfhreagartha a athbhreithniú agus leibhéal ullmhachta sibhialta a shainiú chun go mbeifear in ann 200 saineolaí a imscaradh laistigh de 30 lá, lena n-áirítear iad a imscaradh chuig timpeallachtaí casta;

5. Meastóireacht neamhspleách ar thionchar mhisin CBSC shibhialtaigh a áirithiú, agus na huirlisí agus na cleachtais atá ann cheana a chomhlánú. Córas measúnaithe rialta ar fheidhmíocht misean a thabhairt isteach. Cur chuige córasach a fhorbairt maidir le bainistiú eolais agus foghlaim eagraíochtúil;

6. Sineirgí agus comhlántacht a chothú idir gnéithe sibhialta agus míleata CBSC, agus idir tionscnaimh slándála agus chosanta faoin gCompás Straitéiseach, lena n-áirítear i réimsí beartais, oiliúna, freachnaimh agus misin agus oibríochtaí a phleanáil agus a sheoladh, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha dlíthiúla agus airgeadais;

7. An Cur Chuige Comhtháite maidir le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha a oibríochtú a thuilleadh chun rannpháirtíocht an Aontais a áirithiú ar bhealach níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí trí naisc a neartú idir CBSC sibhialtach agus struchtúir eile de chuid SEGS, lena n-áirítear Toscaireachtaí an Aontais, chomh maith le cláir, gníomhaireachtaí agus tionscadail de chuid an Choimisiúin, agus gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí na mBallstát. Pleanáil, dearadh agus cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus na n-ionstraimí ábhartha uile a áirithiú iomlán comhordaithe agus atreisithe go frithpháirteach, ag tógáil ar luathrabhadh agus ar anailís choinbhleachta agus leas iomlán a bhaint as uirlisí idirghabhála agus idirphlé de chuid an Aontais, i gcomhréir le Coincheap 2020 maidir le hIdirghabháil Síochána an Aontais, chomh maith leis an gCoincheap Cobhsaíochta, athchóiriú na hearnála slándála agus Beartais maidir le Dí-armáil, Díshlógadh agus Athimeascadh;

*Tíortha óstacha agus misin CBSC shibhialtaigh A DHAINGNIÚ i gcoinne bagairtí an-athraitheach chun freagairt ar choinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha, chun acmhainneachtaí na dtíortha óstacha a neartú, agus chun an tAontas agus a shaoránaigh a chosaint, go háirithe chun:*

8. An smacht reachta agus an chuntasacht a chur chun cinn sna tíortha óstacha, chomh maith leis an nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach a neartú trí chomhordú agus comhar méadaithe idir gníomhaithe sibhialtacha CBSC agus CGB ar leibhéal na mBallstát agus an Aontais le linn na gcéimeanna pleanála, cur chun feidhme agus aistrithe, i gcás inarb iomchuí agus laistigh dá sainorduithe agus dá n-inniúlachtaí faoi seach;

9. Athléimneacht i gcoinne bagairtí hibrideacha agus cibearbhagairtí agus an fhreagairt orthu a neartú, chomh maith le FIMI, agus comhlántacht á lorg fad a dhéanfar dúbláil le huirlisí agus gníomhaithe eile a sheachaint, agus cur chuige níos córasaí a leanúint i leith na nuálaíochta teicneolaíche le haghaidh CBSC sibhialtach, chomh maith le straitéis chumarsáide chomhleanúnach agus shoiléir a fhorbairt;

10. Cearta an duine a chur chun cinn agus a phríomhshruthú go córasach agus dícheall cuí maidir le cearta an duine a fheidhmiú, chun comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

11. Cur chun feidhme Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus rúin ina dhiaidh sin, a neartú, i measc nithe eile, chun rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban a áirithiú i ngach gné den tsíocháin agus den tslándáil, agus é mar aidhm cothromaíocht inscne a bhaint amach, *inter alia*, trí chomhionannas inscne a chur chun cinn agus gné inscne a phríomhshruthú go córasach, bunaithe ar anailís inscne, i bpleanáil, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht uile CBSC sibhialtach;

12. Príomhshruthú a dhéanamh ar iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála a bhaineann leis an athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil agus saothrú i ngníomhaíochtaí misin sheachtraigh chomh maith le breithnithe comhshaoil le linn obair inmheánach CBSC shibhialtaigh, agus oibriú de réir a chéile i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

*INFHEISTÍOCHT a dhéanamh i níos mó cumas agus i gcumais níos fearr lena n-áiritheofar go bhforbrófar agus go gcuirfear ar fáil na cumais is gá chun go dtabharfaidh an tAontas faoi raon iomlán mhisin CBSC shibhialtaigh, go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh*:

13. Méadú comhpháirteach a dhéanamh ar líon na saineolaithe ar iasacht ar gach misean agus ar gach leibhéal, arb é is aidhm dóibh a sciar iomlán a ardú go 70 faoin gcéad ar a laghad den fhoireann idirnáisiúnta, agus é mar aidhm ag an am céanna pearsanra ar iasacht 100 faoin gcéad a bhaint amach i ngach post bainistíochta, oibríochtúil agus i bpríomhphoist fheidhmiúla;

14. Ranníocaíochtaí méadaithe a sholáthar agus struchtúir agus nósanna imeachta ábhartha náisiúnta amhail cinnteoireacht, maoiniú agus reachtaíocht a fheabhsú;

15. Próiseas forbartha cumais shibhialtach CBSC a bhunú ar bhonn rialta agus struchtúrtha chun riachtanais chumais a mheasúnú, ceanglais a fhorbairt, anailís ar bhearnaí a dhéanamh agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanfar i gcomhréir leis an gComhshocrú sin agus d'fhonn raon iomlán na gcumas is gá a fhorbairt chun tabhairt faoi speictream iomlán na gcúraimí bainistithe géarchéime mar a leagtar síos in Airteagail 42 agus 43 CAE;

16. Beartas, bainistiú agus nósanna imeachta maidir le hacmhainní daonna CBSC a fheabhsú ar gach leibhéal, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

a. An beartas agus na nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta a fhorbairt tuilleadh agus a chur chun feidhme ina n-iomláine, lena n-áirítear trí phróifílí níos ilúsáidí a chur chun cinn, agus trédhearcacht a mhéadú, dlús a chur le hearcaíocht agus SEGS agus nósanna imeachta náisiúnta a ailíniú ar bhealach níos fearr;

b. Rannpháirtíocht na mban sa CBSC sibhialtach a mhéadú go suntasach i measc foirne idirnáisiúnta, agus é mar aidhm ionadaíocht 40 faoin gcéad ar a laghad a bhaint amach i dteannta a chéile agus iarracht á déanamh cothromaíocht inscne a bhaint amach ag an am céanna;

c. Feabhas a chur ar infhaighteacht agus ar rannpháirtíocht shaineolaithe na mBallstát i misin CBSC shibhialtaigh, lena n-áirítear trí dheiseanna a mheas chun a rannpháirtíocht i gconairí gairme a chomhtháthú ar bhealach níos fearr agus féachaint an bhféadfaí saineolaithe ar leibhéal iontrála a thabhairt ar iasacht do mhisin.

Leanúint de na hiarrachtaí chun ionadaíocht leathan a dhéanamh ar shaineolaithe na mBallstát i misin CBSC shibhialtaigh;

d. Athbhreithniú a dhéanamh ar stádas fostaíochta na mball foirne idirnáisiúnta ar conradh agus teorainn a chur le fad foriomlán imscaradh an phearsanra uile atá ar conradh;

e. Timpeallacht oibre shábháilte chuimsitheach a áirithiú agus trí na hathbhreithnithe is gá a dhéanamh ar bheartais agus ar nósanna imeachta, lena n-áirítear tríd an gCód Iompair a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm ina iomláine agus iarrachtaí coisctheacha a neartú;

f. Infheistiú i gceannaireacht agus i mbainistíocht misean ar gach leibhéal.

17. A Buiséad CBES níos láidre agus níos réadúla a áirithiú ann agus é ag teacht le riachtanais mhisin nua agus leanúnacha CBSC shibhialtaigh agus go mbainfear úsáid mhear, sholúbtha agus chostéifeachtúil as chun tacú leo, bainistiú fónta airgeadais a áirithiú agus tosaíocht a thabhairt go cúramach i leith na n-acmhainní atá ann cheana;

18. Oiliúint CBSC a fhorbairt a thuilleadh agus a áirithiú go gcuirfear oiliúint ar gach saineolaí idirnáisiúnta agus ar gach pearsanra misin eile i gcomhréir le Beartas athbhreithnithe an Aontais maidir le hOiliúint le haghaidh CBSC agus le Clár Oiliúna CBSC, lena n-áirítear ceanglais shainaitheanta;

*COMHPHÁIRTÍOCHT a dhéanamh le tíortha óstacha chomh maith le Tríú Stáit agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe chun an méid a leanas a dhéanamh:*

19. Béim a leagan ar a thábhachtaí atá úinéireacht áitiúil CBSC shibhialtaigh, chun torthaí inbhuanaithe a áirithiú agus chun cur le hathléimneacht, cobhsaíocht agus slándáil na dtíortha óstacha, sineirgí a lorg agus comhar agus idirphlé rialta agus cuimsitheach leis an tsochaí shibhialta a fheabhsú ar gach leibhéal, agus a thábhachtaí atá cur chuige atá bunaithe ar an éileamh agus atá bunaithe ar riachtanais á aithint ag an am céanna;

20. Comhpháirtíochtaí le tríú stáit atá ar aon intinn agus a bhfuil luachanna agus cuspóirí an Aontais acu a neartú, lena n-áirítear trína rannchuidiú le misin CBSC shibhialtaigh a chur chun cinn i gcomhréir le módúlachtaí comhaontaithe. Comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha a fheabhsú, go háirithe na Náisiúin Aontaithe (NA), ag cur leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime, Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), agus an tAontas Afracach (AA) agus lánurraim á tabhairt do chreat institiúideach, do phrionsabail agus do nósanna imeachta comhaontaithe an Aontais.

## III. AN BEALACH CHUN CINN

Iarrann an CHOMHAIRLE agus na BALLSTÁIT ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tacú le cur chun feidhme na ngealltanas thuasluaite i gcomhréir iomlán leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme agus le sainorduithe gníomhaithe éagsúla an Aontais, laistigh d'uasteorainneacha reatha chlársceidealú airgeadais CBES agus na huasteorainneacha a bheidh ann amach anseo agus i gcomhairle leis na Ballstáit.

Aontaíonn an CHOMHAIRLE agus na BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Próiseas bliantúil a sheoladh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an Chomhshocraithe seo bunaithe ar na táirgí insoláthartha atá i gceist anseo agus i bPleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme na mBallstát. Leis an athbhreithniú, ba cheart an dul chun cinn atá déanta agus na dúshláin atá fós ann a shainaithint agus ba cheart go gcabhródh sé le haghaidh a thabhairt orthu sin trí iarracht chomhoibríoch idir gníomhaithe ábhartha an Aontais, lena n-áirítear na Ballstáit, agus i measc na mBallstát chomh maith.

– An chéad Chomhdháil Athbhreithnithe Bhliantúil a thionól faoin gComhshocrú sin sa dara seimeastar de 2023.

– Sásra athbhreithnithe agus leantach a bhunú maidir le dul chun cinn an Aontais agus na mBallstát, mar chuid de phróiseas forbartha rialta struchtúrtha an chumais shibhialtaigh.

– Cumarsáid straitéiseach shaincheaptha a chur i láthair i leith geallsealbhóirí áitiúla, contrapháirtithe náisiúnta agus an phobail i gcoitinne chun infheictheacht an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) a fheabhsú, chun béim a leagan ar an tairbhe a bhaineann leis, agus chun tacaíocht phoiblí CBSC shibhialtaigh a mhéadú.

– A iarraidh ar an Ardionadaí plé bliantúil a dhéanamh maidir le CBSC sibhialtach ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha, ina bhféadfaí cuireadh a thabhairt do na hAirí ábhartha Ceartais agus Gnóthaí Baile, de réir mar is iomchuí.

– An Comhshocrú sin a chur i gcrích go hiomlán a luaithe is féidir agus faoi thús shamhradh 2027 ar a dhéanaí, agus an dul chun cinn a rinneadh faoin gCompás Straitéiseach á chur san áireamh.

**Spriocanna insoláthartha an Chomhshocraithe CBSC Shibhialtaigh**

**GNÍOMHÚ**

1. In 2024, molfaidh SEGS, i gcomhairle leis na Ballstáit, sraith treoirphrionsabal, arb é is aidhm dóibh éifeachtacht, éifeachtúlacht, solúbthacht agus stóinseacht a áirithiú, agus comhleanúnachas mhisin CBSC shibhialtaigh a fheabhsú.

In 2024, déanfaidh an Cumas Sibhialtach Pleanála agus Seolta (CPCC) mar cheanncheathrú ar an leibhéal oibríochtúil do mhisin CBSC shibhialtaigh, a éifeachtacht agus a acmhainneacht a mhéadú a thuilleadh agus neartófar é bunaithe ar threochlár dá athchóiriú eagraíochtúil, arna fhorbairt i gcomhairle leis na Ballstáit agus i gcomhréir leis na forálacha ábhartha dlíthiúla agus airgeadais. Le tacaíocht ón gceanncheathrú sibhialtach, leanfaidh Ceannasaí na hOibríochta Sibhialtacha de cheannas agus de rialú mhisin CBSC shibhialtaigh a neartú.

2. In 2024, molfaidh SEGS páipéar roghanna le haghaidh modheolaíocht athbhreithnithe, arna sainiú go soiléir, le haghaidh athbhreithnithe straitéiseacha, lena gceadófar cur chuige modúlach inscálaithe le linn phleanáil agus sheoladh mhisin CBSC shibhialtaigh. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sainorduithe dírithe agus stáit deiridh bheachta agus indéanta ag misin CBSC shibhialtaigh, lena n-áirítear roghanna don aistriú agus don imeacht, agus an dul chun cinn a rinneadh agus na dúshláin a d’fhéadfadh a bheith ann a chuirfeadh bac ar na misin a gcuid sainorduithe a chomhlíonadh go héifeachtach á gcur san áireamh.

3. Ó 2024 ar aghaidh, leanfaidh gach misean cur chuige modúlach inscálaithe chun a gcumas a neartú chun dul in oiriúint go tapa do dhúshláin atá ag teacht chun cinn, bunaithe ar rialú polaitiúil agus ar threoir straitéiseach a chuirfidh an Chomhairle ar fáil, ar a bhféadfar foirne speisialaithe a áireamh, lena n-áirítear foirne de chineál réamhchumraithe, saineolaithe ar cuairt, foirmíochtaí ilnáisiúnta, mar shampla EUROGENDFOR, arna gcur ar fáil ag na Ballstáit agus ag gníomhaireachtaí CGB de réir mar is ábhartha agus laistigh dá sainorduithe faoi seach.

Ó 2023 ar aghaidh, déanfaidh na Ballstáit, bunaithe ar thograí ó SEGS, cineálacha tacaíochta níos spriocdhírithe a fhiosrú, lena n-áirítear saineolaithe sibhialtacha bainistithe géarchéime a imscaradh i dToscaireachtaí an Aontais nó in institiúidí na dtíortha óstacha, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

4. In 2027, beidh an tAontas in ann 200 saineolaí a imscaradh laistigh de 30 lá. In 2025, agus leas á bhaint as eilimintí modúlacha agus inscálaithe, déanfaidh SEGS sásraí mearfhreagartha a athbhreithniú agus déanfaidh sé machnamh ar chleachtaí a dhéanamh d'fhonn freagrúlacht a mhéadú agus leibhéal ullmhachta sibhialta a shainiú. Áirítear leis sin an cumas imlonnú a dhéanamh ar ghearrfhógra chuig timpeallachtaí casta agus aird chuí á tabhairt ar shlándáil agus ar dhualgas cúraim. Déanfaidh SEGS agus seirbhísí ábhartha an Choimisiúin iniúchadh ar réiteach hibrideach féideartha maidir le trádstóráil fhisiciúil agus creatchonarthaí, tar éis don chóras creathchonartha-bhunaithe reatha dul in éag.

5. a. In 2024, bunaithe ar choincheap ar mheastóireacht neamhspleách ar thionchar agus éifeachtacht na misean a bheidh le tíolacadh in 2023, déanfaidh SEGS, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, meastóireacht ar thionchar na misean a léireofar sna hathbhreithnithe straitéiseacha ar mhisin.

b. Ó 2024 ar aghaidh, déanfaidh SEGS measúnuithe rialta ar fheidhmíocht na misean uile agus déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme a gcuid moltaí.
c. In 2025, tabharfaidh SEGS cur chuige córasach isteach maidir le bainistiú eolais agus foghlaim eagraíochtúil, ag tógáil ar chreat foriomlán an Chur Chuige Chomhtháite agus déanfaidh sé athbhreithniú ar a Phróiseas bliantúil Ceachtanna CBSC lena bhféadfar obair leantach níos córasaí a dhéanamh ar na ceachtanna arna sainaithint.

6. Ó 2023 ar aghaidh, leanfaidh an Chomhairle agus na Ballstáit de shineirgí sibhialtacha-míleata a fhorbairt sa chinnteoireacht uile maidir le CBSC sibhialtach, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha dlíthiúla agus airgeadais, i gcás inarb infheidhme. In 2025, déanfaidh SEGS, i gcomhairle le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, feabhas a chur ar an gcomhordú oibríochtúil idir struchtúir ceannais shibhialtacha agus mhíleata ar an leibhéal lárnach agus ar an láthair trí acmhainní agus saineolas a chomhroinnt i réimsí na hoibríochta, trí oiliúint chomhpháirteach agus trí fhreachnaimh chomhpháirteacha agus trí ról an Chomhaonaid um Chomhordú Tacaíochta (JSCC) a threisiú.

7. In 2024, áiritheoidh SEGS go ndéanfar tuairisciú rialta eolasach ar chur i bhfeidhm an Chur Chuige Chomhtháite a mhéid a bhaineann le CBSC sibhialtach, chun sineirge agus comhleanúnachas a chur chun cinn leis na hionstraimí ábhartha uile ar fud réimsí téamacha agus ón bpleanáil go dtí an cur chun feidhme agus an t-aistriú. Beidh an tuairisciú sin bunaithe ar chomhordú treisithe, lena n-áirítear trí mhaitrísí cur chuige comhtháite comhdhlúite. Ó 2023 ar aghaidh, cuirfidh SEGS anailís coinbhleachta agus íogaireacht choinbhleachta i bhfeidhm go córasach maidir le pleanáil, cur chun feidhme agus athbhreithniú mhisin CBSC shibhialtaigh chomh maith le breithniú córasach a dhéanamh ar idirphlé agus idirghabháil, i gcomhréir le Coincheap 2020 maidir le hIdirghabháil Síochána an Aontais.

**SLÁN**

8. Ó 2023 ar aghaidh, cuirfidh SEGS agus na Ballstáit athchóirithe inbhuanaithe chun cinn sa smacht reachta, agus tacóidh siad le rialachas na hearnála slándála, chomh maith le cuntasacht agus leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe, sna tíortha óstacha, lena n-áirítear trí gach gné de shlabhra an cheartais a neartú chun freagairt go héifeachtach ar dhúshláin slándála.

Déanfaidh SEGS, an Chomhairle, na Ballstáit agus seirbhísí ábhartha an Choimisiúin comhar CBSC-CGB a chur chun cinn tuilleadh, i gcomhréir iomlán lena bhfreagrachtaí faoi seach agus acmhainní, tosaíochtaí agus riachtanais na ngníomhaithe ábhartha atá ar fáil á gcur san áireamh, agus tuairisceoidh siad ar bhonn bliantúil ar an dul chun cinn a dhéanfar. Le comhar méadaithe, ba cheart tosaíochtaí ábhartha mionchoincheapa agus an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) faoi seach a chur san áireamh, agus ba cheart é a bheith mar aidhm leis comhroinnt faisnéise, comhordú agus rannchuidiú fóinteach le próisis phleanála a mhéadú agus saineolas ábhartha a fheabhsú, chomh maith le cruinnithe tiomnaithe de chomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha na Comhairle a thionól. Ó 2023 ar aghaidh, cuirfidh na Ballstáit uile feabhas ar chomhordú inmheánach chun feabhas a chur ar an gcomhar idir CBSC sibhialtach agus gníomhaithe náisiúnta CGB.

9. In 2024, soláthróidh na Ballstáit na cumais is gá chun athléimneacht agus freagairt ar bhagairtí hibrideacha agus cibearbhagairtí, chomh maith le FIMI, tíortha óstacha, i gcás inarb ábhartha, agus mhisin CBSC shibhialtaigh, a neartú le tacaíocht ó SEGS. In 2024, déanfaidh SEGS, i gcomhar leis na Ballstáit, treoirlínte cibearshlándála a chur chun feidhme do mhisin CBSC shibhialtaigh. In 2026, forbróidh SEGS timpeallacht shlán cumarsáide agus faisnéise a nascfaidh le chéile misin uile CBSC shibhialtaigh agus an ceanncheathrú shibhialtach. In 2026, forbróidh SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin straitéis maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha, mar shampla an intleacht shaorga, agus déanfaidh siad infheistíocht iontu, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun digiteáil na tacaíochta do mhisin CBSC shibhialtaigh a fheabhsú agus chun uirlisí teicniúla a fhorbairt, lena lorgófar sineirgí leis an gClár don Eoraip Dhigiteach de réir mar is ábhartha. In 2024, neartóidh SEGS agus na Ballstáit na cumais chumarsáide agus na huirlisí cumarsáide i misin agus ceanncheathrúna sibhialtacha araon chun a áirithiú go dtabharfar tacaíocht do CBSC sibhialtach trí straitéisí cumarsáide leanúnacha láidre.

10. In 2024, chun a áirithiú go ndéanfar cearta an duine, mar aon le dícheall cuí maidir le cearta an duine, a urramú, a chur chun cinn agus a chosaint, déanfaidh SEGS tionchar ar chearta an duine agus anailís riosca a áireamh i ndoiciméid phleanála uile mhisin CBSC shibhialtaigh agus áiritheoidh sé íogaireacht choinbhleachta agus an cur chuige neamhdhíobhála in iompar na misean. Ó 2023 ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh comhairleoirí um chearta an duine sna misin shibhialtacha CBSC agus neartóidh siad an saineolas ábhartha ar chomhpháirteanna oibríochtúla. Ó 2024 ar aghaidh, déanfaidh SEGS an Plean Gníomhaíochta don Aos Óg a chur chun feidhme i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, agus déanfaidh sé clár oibre CAAC (leanaí ar fhág coinbhleachtaí armtha a lorg orthu), mar aon le fócas ar chosaint leanaí, a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí pleanála agus oibríochtúla;

11. Ó 2024 ar aghaidh, áiritheoidh SEGS agus na Ballstáit go ndéanfar gné na hinscne a phríomhshruthú go córasach, lena n-áirítear trína áirithiú go ndéanfar misin shibhialtacha CBSC i gcomhréir le hanailís inscne, go mbeidh comhairleoirí inscne acu agus go neartófar an saineolas ábhartha maidir le comhpháirteanna oibríochtúla. Déanfaidh SEGS agus na Ballstáit ceannaireacht atá freagrúil ó thaobh inscne de a chur chun cinn agus tabharfaidh siad aghaidh go córasach ar fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe le linn na gcéimeanna pleanála, cur chun feidhme agus aistrithe, lena n-áirítear trí choincheap a fhorbairt maidir le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a chosc agus freagairt air, lena n-áirítear foréigean gnéasach coinbhleachtbhunaithe, i gcomhthéacs CDSP sibhialtach.

12. In 2025, cuirfidh SEGS, i gcomhairle le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, feabhas ar shaineolas agus ar anailís, chomh maith le treoir a chur ar fáil maidir le soláthar inbhuanaithe, barrfheabhsú fuinnimh agus uisce, agus innealtóireacht ghlas agus lóistíocht ghlas. In 2025, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh comhairleoir comhshaoil ag gach misean, a thabharfaidh tuairisc freisin ar lorg comhshaoil na misean agus a thabharfaidh isteach córais bainistíochta comhshaoil. Ó 2023 ar aghaidh, déanfaidh na Ballstáit, ar bhonn tograí ó SEGS, machnamh ar ról do mhisin CBSC shibhialtaigh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála a bhaineann leis an athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil, i gcás inarb ábhartha. Ó 2023 ar aghaidh, cuirfidh gach misean feabhas leanúnach ar a bhfeidhmíocht chomhshaoil agus ar a litearthacht aeráide ar gach leibhéal.

**INFHEISTIÚ**

13. Ó 2023 ar aghaidh, geallann na Ballstáit ranníocaíocht mhéadaithe a chur ar fáil do CBSC sibhialtach, a d’fhéadfadh a bheith i bhfoirm pearsanra, trealaimh, oiliúna, tacaíocht freachnaimh, ranníocaíochtaí airgeadais nó eile.

14. In 2024, forbróidh na Ballstáit Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme a thuilleadh, i gcomhréir leis an gComhshocrú seo agus leis an bpróiseas forbartha cumais shibhialtaigh atá beartaithe, agus úsáid á baint as cnuasaigh neamhfhoirmiúla, le tacaíocht ón Ionad Barr Feabhais Eorpach um Bainistiú Géarchéime Sibhialtach, ón earnáil phríobháideach agus ón saol acadúil, i gcás inarb ábhartha agus de réir mar a iarrann na Ballstáit.

15. In 2024, bunóidh SEGS agus na Ballstáit, i ndlúthchomhar le seirbhísí an Choimisiúin, próiseas rialta struchtúrtha forbartha cumais shibhialtaigh. Leis an bpróiseas sin, déanfar measúnú ar na riachtanais cumais a mhéid a bhaineann le pearsanra; trealamh agus teicneolaíocht; coincheapa agus nósanna imeachta; chomh maith le hoiliúint, ceanglais a fhorbairt, anailís ar bhearnaí a dhéanamh agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an dul chun cinn arna dhéanamh i gcomhréir leis an gComhshocrú Sibhialtach CBSC, le pleanáil cumais agus leis an aidhm fhoriomlán éifeachtacht na misean a mhéadú. Déanfar an dul chun cinn atá déanta a mheas ag comhdháil bhliantúil maidir leis an gcumas sibhialtach agus tabharfar treoir maidir leis an mbealach chun cinn. Chun na críche sin, déanfaidh na Ballstáit na cumais is gá a fhorbairt agus a chur ar fáil chun go dtabharfaidh an tAontas faoi raon iomlán mhisin CBSC shibhialtaigh. I gcás inarb ábhartha, féadfaidh na Ballstáit páirt a thabhairt don earnáil phríobháideach agus don saol acadúil i bhforbairt na gcumas is gá, lena n-áirítear i dtéarmaí teicneolaíochta, trealaimh agus lóistíochta.

16. Ar bhonn ranníocaíochtaí méadaithe ó na Ballstáit, cuirfear feabhas ar bhainistiú acmhainní daonna sibhialtach CBSC:

a. In 2024, déanfaidh SEGS, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, maoirseacht, tacaíocht agus comhairle a fhorbairt agus a fheabhsú maidir le roghnú agus earcaíocht i misin shibhialtacha CBSC. In 2025, féachfaidh na Ballstáit ar bhealaí cur chuige forbartha gairme chun foireann inniúil a mhealladh agus a choinneáil, le tacaíocht ó dhreasachtaí ó sheirbhísí an Choimisiúin, de réir mar is ábhartha agus is iomchuí. In 2024, neartófar cumais acmhainní daonna na ceanncheathrún sibhialta, lena n-áirítear trí ranníocaíochtaí ó na Ballstáit.

b. In 2025, méadóidh na Ballstáit líon na n-iarrthóirí ar mná iad chuig CBSC sibhialtach, agus é mar aidhm acu rannpháirtíocht na mban a mhéadú go 40 % ar a laghad i measc na mball foirne idirnáisiúnta agus iarracht á déanamh cothromaíocht inscne a bhaint amach ar gach leibhéal agus, go háirithe, i bpoist shinsearacha ceannaireachta faoi dháta deiridh an Chomhshocraithe seo. Chun na críche sin, tabharfaidh SEGS an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta chun Rannpháirtíocht na mBan i Misin Shibhialtacha CBSC a fheabhsú cothrom le dáta.

c. D'fhonn infhaighteacht agus rannpháirtíocht saineolaithe náisiúnta i misin shibhialtacha CBSC a fheabhsú, in 2024, cuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme, *inter alia*, athbhreithnithe ar nósanna imeachta, reachtaíocht agus buiséid náisiúnta, agus breithneoidh siad deiseanna chun conairí gairme a fheabhsú, infheictheacht agus úinéireacht pholaitiúil CBSC shibhialtaigh a mhéadú.

In 2024, fiosróidh SEGS, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí ábhartha, an bhféadfaí saineolaithe ar leibhéal iontrála a thabhairt ar iasacht do mhisin.

Ó 2023 ar aghaidh, leanfaidh SEGS agus na Ballstáit, i gcomhréir leis na nósanna imeachta roghnúcháin d'fhoireann idirnáisiúnta, d'iarracht a dhéanamh ionadaíocht leathan a bhaint amach i gcás shaineolaithe na mBallstát i misin shibhialtacha CBSC.

d. In 2024, déanfaidh SEGS agus seirbhísí ábhartha an Choimisiúin athbhreithniú ar stádas fostaíochta na mball foirne idirnáisiúnta ar conradh i misin shibhialtacha CBSC agus féachfaidh siad ar theorainneacha ar feadh ré fhoriomlán an imscartha do bhaill foirne idirnáisiúnta ar conradh agus baill foirne áitiúla, bunaithe ar dhoiciméad maidir le roghanna a chuirfear faoi bhráid na mBallstát.

e. In 2025, déanfaidh SEGS, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus i gcomhairle le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, straitéis chuimsitheach a fhorbairt chun timpeallacht oibre shábháilte agus chuimsitheach a áirithiú. Leis an straitéis seo nascfar na beartais agus na huirlisí ábhartha uile, lena n-áirítear ceannaireacht, acmhainní daonna agus oiliúint, ach gan a bheith teoranta dóibh. A luaithe is féidir, déanfaidh SEGS athbhreithniú ar an gCód Iompair agus cuirfidh sé i bhfeidhm go hiomlán é agus tacóidh sé lena chur chun feidhme trí eintiteas neamhspleách, agus iarrachtaí coisctheacha á neartú ag an am céanna. Tabharfaidh SEGS tuairisc faoi dhó sa bhliain ar na hiarrachtaí leanúnacha chun an straitéis a chur i bhfeidhm agus déanfaidh sé suirbhéanna rialta foirne chun an obair a threorú. Neartóidh SEGS agus na Ballstáit sábháilteacht agus slándáil na mball foirne arna n-imscaradh chuig misin shibhialtacha CBSC trí fhreagrachtaí na ngníomhaithe a bhfuil baint acu le dualgas cúraim a shainiú agus trí na hacmhainneachtaí gairmiúla is gá a áirithiú ar an leibhéal lárnach agus i misin.

f. In 2024, déanfaidh SEGS agus na Ballstáit infheistíocht i scileanna ceannaireachta bainisteoirí sinsearacha lena n-áirítear ceannaireacht inscne-fhreagrúil. Neartóidh SEGS agus na Ballstáit cultúr ceannaireachta, iompraíocht agus acmhainneachtaí i CBSC sibhialtach agus áiritheoidh siad go gcuirfear na hinniúlachtaí ceannaireachta ábhartha san áireamh go córasach agus poist bhainistíochta á líonadh agus á meas.

17. a. Ó 2023 ar aghaidh, déanfaidh SEGS agus seirbhísí ábhartha an Choimisiúin uirlisí breise a fhorbairt chun tacú le misin CBSC shibhialtaigh chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na buiséid arna sannadh orthu, faireachán a dhéanamh ar thomhaltas an bhuiséid agus bearta struchtúrtha coigilte costas breise a shainaithint chun bainistíocht fhónta airgeadais ar gach misean a áirithiú. Iarrann na Ballstáit ar sheirbhísí an Choimisiúin féachaint ar chistiú inbhuanaithe malartach agus roghanna a chur i láthair do ghníomhaíochtaí neamh-CBSC atá faoi línte CBSC de bhuiséad CBES faoi láthair. Áirítear ar na huirlisí coigilte costais, ach níl siad teoranta dóibh, sásra coigeartaithe buiséid chun buiséid misean a leithdháileadh le haghaidh sainorduithe nua bunaithe ar rátaí ionsúcháin i sainorduithe roimhe seo agus úsáid mhéadaithe teagmhas chun solúbthacht a fheabhsú. Áiritheoidh SEGS agus seirbhísí ábhartha an Choimisiúin comhordú i gcomhthéacs misean nua CBSC a bhunú agus doiciméid phleanála agus buiséid á n-ullmhú ag an am céanna.

17. b. In 2024, déanfaidh SEGS, i gcomhairle le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, roghanna a fhorbairt maidir le coincheap oiliúna agus trealaimh, ar coincheap é atá ina bhunchuid d’iarrachtaí tírshonracha athchóirithe níos leithne an Aontais, chun tacú le gníomhaíochtaí mhisin CBSC shibhialtaigh faoi chuimsiú a sainorduithe, a bheidh le comhaontú ag an gComhairle.

18. In 2025, déanfaidh na Ballstáit a n-acmhainneachtaí oiliúna a oiriúnú, lena n-áirítear formáidí hibrideacha agus ríomhfhoghlama, i gcomhréir le Beartas athbhreithnithe an Aontais maidir le hOiliúint le haghaidh CBSC agus leis an treoir a chuireann Grúpa an Aontais um Oiliúint Sibhialtach ar fáil, agus rannchuideoidh siad le Clár Oiliúna CBSC, ag tógáil ar ról an Choláiste Eorpaigh um Shlándáil agus um Chosaint. In 2024, déanfaidh seirbhísí ábhartha an Choimisiúin tionscadail oiliúna ábhartha arna gcistiú ag an gCoimisiún a ailíniú leis an gComhshocrú Sibhialtach CBSC sin. Ó 2026 ar aghaidh, cuirfidh na Ballstáit oiliúint ar a saineolaithe, lena n-áirítear oiliúint ábhartha teanga, bunaithe ar ábhar oiliúna caighdeánach, conairí oiliúna, agus measúnú ar thionchar fadtéarmach na hoiliúna arna forbairt ag SEGS agus an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint. Bunófar nósanna imeachta iomchuí do rannpháirtíocht phearsanra ó na Ballstáit uile i gcúrsaí ábhartha a reáchtáiltear in ionaid oiliúna náisiúnta. Ba cheart sásra deimhniúcháin le haghaidh oiliúint chomhthiomsaithe agus chomhroinnte CBSC a bhunú chun caighdeáin oiliúna a áirithiú.

**OBAIR LE COMHPHÁIRTITHE**

19. In 2025, bunaithe ar dhea-chleachtais atá ann cheana, forbróidh SEGS treoirlínte do mhisin CBSC shibhialtaigh chun dul i dteagmháil le hinstitiúidí áitiúla i gcomhréir le Creat an Aontais d’Athchóiriú na hEarnála Slándála (SSR) agus leis an gCur Chuige Comhtháite chun úinéireacht áitiúil a fheabhsú. In 2025, déanfaidh misin uile CBSC shibhialtaigh idirphlé struchtúrtha leis an tsochaí shibhialta agus tabharfaidh siad tuairisc ar thorthaí an idirphlé sin. In 2025, féachfaidh SEGS agus na Ballstáit le sineirgí a bhaint amach agus cuirfidh siad feabhas ar an gcomhar leis an tsochaí shibhialta ar gach leibhéal.

20. Ó 2023 ar aghaidh, oibreoidh SEGS chun an comhar idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach a neartú maidir leis an smacht reachta, maidir le SSR agus maidir leis an gcobhsaíocht, chun tacú le malartú agus comhar ar an leibhéal lárnach agus i ngach misean, lena n-áirítear misean píolótach CBSC shibhialtaigh a shainaithint le haghaidh comhar níos dlúithe ar an láthair. Déanfaidh SEGS an comhar le ECAT a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a neartú a thuilleadh i gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach, i réimsí leasa choitinn, mar shampla cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, cibearshlándáil agus aghaidh a thabhairt ar impleachtaí slándála an athraithe aeráide, i gcás inarb ábhartha do CBSC sibhialtach. Leanfar den chomhar faoi chuimsiú chreat comhaontaithe na dtrí Dhearbhú Chomhpháirteacha, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na cómhalartachta, na trédhearcachta, na cuimsitheachta agus an neamhspleáchais cinnteoireachta atá mar threoir agus mar thaca leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas agus ECAT. Neartóidh SEGS an comhar le gníomhaithe réigiúnacha amhail ESCE agus an tAontas Afracach maidir le coinbhleachtaí a chosc agus géarchéimeanna a bhainistiú, anailís chomhroinnte agus feasacht staide a neartú, idirghabháil, sineirgí a chothú le haghaidh oiliúna, dea-chleachtais agus ceachtanna a mhalartú, agus naisc a chur chun cinn ar an leibhéal lárnach agus ar an láthair. Tacóidh SEGS a thuilleadh le tríú stáit atá ar aon intinn leo chun a n-acmhainneacht rannchuidiú le CBSC sibhialtach a neartú.